Department of Education
www.deni.gov.uk
AN ROINN Oideachais
MÄNNYSTRIE O Lear

Ábhar:

CÚRSAÍ GINEARÁLTA AGUS CÚRSAÍ FEIDHMEACHA: SAINMHÍNITHE ATHBHREITHNITHE

Uimhir an Chiorcláin:

Dáta Eisiúna: 22 Nollaig 2011

Spriocléitheoirí:

- Príomhoidí agus Boird Gobharnóirí (BG) i ngach iar-bhunscoil dheontaschúnta agus scoileanna speisialta a bhfuil ranna meánscolaíochta acu;
- Boird Oideachais agus Leabharlann (BOL);
- Coláistí Breisoideachais agus Ardoideachais (B&AO);
- Comhairle na Scoileanna Caitliceacha faoi Chothabháil (CCMS);
- Comhairle na Gaelscolaíochta (CnaG);
- Comhairle Thuaisceart Éireann um Oideachas Comhtháite (CTÉOC/NICIE);
- An Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA);
- An Chomhairle Ghinearálta Teagaisc do Thuaisceart Éireann (CGTTÉ/GTCNI); agus
- Foireann Feidhmithe an Údaráis Oideachais agus Scileanna (FFÚOS/ESAIT).

Feasacht Gobharnóirí: Riachtanach

Stádas an Ábhair:
Eolas do scoileanna; ba chóir dóibh beart a dhéanamh dá réir

Achoimre:

D'eisigh an Roinn Oideachais an ciorclán seo agus cuireann sé eolas ar fáil ar na sainmhínithe athbhreithnithe ar chúrsa "ginearálta" agus ar chúrsa "feidhmeach" chun críocha an Chreata Teidlíochta.

Cáipéisí Gaolmhara:

Ciorclán na RO 2010/13, 2011/09, 2011,25

Dáta Éaga: N/B

Fiosrúcháin:
Ba chóir aon fhiosrúchán faoina bhfuil sa Chiorclán seo a sheoladh chuig:

Foireann Teidlíochta Churaclam 14-19
An Roinn Oideachais
Teach Ráth Giall
43 Bóthar Bhaile Aodha
BEANNCHAR
BT19 7PR

Láithreán Gréasáin na RO:
http://www.deni.gov.uk

Guthán: 028 9127 9935
Facs: 028 9127 9100

Aidhm an Chiorcláin seo

1. Tá sé mar aidhm ag an chiorclán seo tú a chur ar an eolas faoi roinnt Airteagal san Ordú Oideachais (Ordú 2006) (an tOrdú um Thosach Feidhme Uimh. 3) (Tuaisceart Éireann) 2011, dá ngairtear an tOrdú um Thosach Feidhme. Beidh na hAirteagail sin i bhfeidhm i gcomhthéacs na gceanglas gaolmhar d'Airteagal 6 d'Ordú 2006 de réir mar a bhaineann siad le daltaí in Eochairchéim 4 faoin Chreat Teidlíochta.

2. Cuireann an tOrdú um Thosach Feidhme Airteagal 34 den Ordú Oideachais (Tuaisceart Éireann) 2006 i bhfeidhm ón 16 Nollaig 2011. Baineann Airteagal 34 le hoideachas cuí a chur ar fáil do dhaltaí atá cláraithe le scoil nuair a bhíonn siad ar fionraí. Beidh sonraí breise ar chur i bhfeidhm an Airteagail seo .i. Oideachas do Dhaltaí atá ar Fionraí, ar fáil i gCiorclán 2011/25 de chuid na Roinne.

3. Cuirfidh an tOrdú um Thosach Feidhme Airteagail 18, 19, 20 agus 22 d'Ordú 2006 i bhfeidhm ón **1 Meán Fómhair 2013.**

4. Cuireann an ciorclán seo eolas ar fáil ar na sainmhínithe athbhreithnithe ar chúrsa "ginearálta" agus ar chúrsa "feidhmeach" chun críocha an Chreata Teidlíochta.

Creat Teidlíochta

5. Cuireann Airteagail 18, 19, 20 agus 22 d'Ordú 2006 ceanglas dlíthiúil ar Bhoird Gobharnóirí rochtain a sholáthar ar na cúrsaí atá sainithe ag Eochairchéim 4 agus iar-16 agus ní mór d'aon trian de na cúrsaí sin ar a laghad bheith ainmnithe ag an Roinn chun críocha an Chreata Teidlíochta mar chúrsaí "ginearálta" agus ní mór d'aon trian de na cúrsaí bheith ainmnithe mar "feidhmeach". Ag Eochairchéim 4, áiríonn Airteagal 18 ceanglas ar scoileanna lena chinntiú go dtitfidh cúrsa amháin ar a laghad laistigh de gach réimse foghlama agus go mbeidh cúrsa amháin ar a laghad i dteanga oifigiúil de chuid an Aontais Eorpaigh (seachas Béarla agus, i scoileanna lán-Ghaeilge, Gaeilge). Ligeann na hairteagail do chúrsaí ginearálta agus do chúrsaí feidhmeacha bheith liostaithe ag an Roinn agus is féidir eisceachtaí a dhéanamh i dtaca le cur i bhfeidhm Airteagal 18 agus 19.

6. Beidh líon na gcúrsaí sainithe ag an Roinn trí orduithe, ach tabharfar isteach iad ar bhonn céimithe mar seo a leanas:

	Scoilbhliain 2013/14	**Scoilbhliain 2014/15**	**Scoilbhliain 2015/16 ar aghaidh**
Eochairchéim 4	18 cúrsa	21 cúrsa	24 cúrsa
Íar-16	21 cúrsa	24 cúrsa	27 cúrsa

7. Scríobhfaidh an Roinn chuig scoileanna nuair a bheidh na hairteagail sin réidh le dul i bhfeidhm agus nuair a dhéanfaidh sí na horduithe a shainíonn líon na gcúrsaí.

SAINMHÍNITHE AR CHÚRSAÍ GINEARÁLTA AGUS AR CHÚRSAÍ FEIDHMEACHA

8 Fanfaidh an t-údarás leis an Roinn i dtaca le cúrsaí a ainmniú mar chúrsaí ginearálta nó mar chúrsaí feidhmeacha. Foilseoidh an Roinn liosta de chúrsaí 'feidhmeacha' agus liosta de chúrsaí 'ginearálta'; ba chóir do scoileanna úsáid a bhaint as mar an t-aon fhoinse amháin le haghaidh ainmniúcháin chomhaontaithe ar chúrsaí mar 'ginearálta' agus 'feidhmeach' chun críocha an Chreata Teidlíochta.

9 Ainmníonn an Roinn cúrsaí mar "ginearálta" nó "feidhmeach" **chun críocha an Chreata Teidlíochta amháin**, ag cur san áireamh comhairle ón Chomhairle Curaclaim, Scrúdúcháin agus Measúnaithe (CCEA).

10. Forbraíodh na sainmhínithe atá in úsáid anois tamall ó shin agus bhí siad measartha casta; thug an tAire Oideachais gealltanas go ndéanfaí athbhreithniú orthu, bunaithe ar aiseolais ó scoileanna.

11. Bhunaigh an Roinn grúpa oibre de phríomhoidí, d'ionadaithe ón Chigireacht Oideachais agus Oiliúna (COO) agus d'ionadaithe ó CCEA le tacú le hathbhreithniú a dhéanamh ar na sainmhínithe.

12. Beidh na sainmhínithe, a bheidh i bhfeidhm ón **scoilbhliain 2012/13** mar seo a leanas:

An Cineál Cúrsa a Chuirtear ar Fáil

Laistigh de chomhthéacs an Chreata Teidlíochta, déantar sainmhíniú níos mó ar an chineál cúrsa a chuirtear ar fáil i dtéarmaí cé acu is féidir cáilíocht "ginearálta" nó "feidhmeach" a fháil ach an cúrsa a chríochnú go sásúil.
Is éard is cúrsa ginearálta ann cúrsa ina bhforbraítear eolas, tuiscint agus scileanna laistigh de chomhthéacs ábhair; fad is go dtagraíonn cáilíocht fheidhmeach do chúrsa inar féidir an t-eolas, an tuiscint agus na scileanna a fhorbairt trí thaispeáint phraiticiúil agus/nó i gcomhthéacs a bhaineann le hinfhostaitheacht.

Cúrsaí Ginearálta

Tá na socruithe measúnaithe deartha le foghlaimeoirí a chumasú le leibhéal a gcuid eolais, a gcuid tuisceana agus a gcuid scileanna a thaispeáint trí thascanna scríofa den chuid is mó. Tá fócas na foghlama agus an mheasúnaithe leagtha síos laistigh de chomhthéacs atá sainiúil don ábhar.

Cúrsaí Feidhmeacha

Tá na socruithe measúnaithe deartha le foghlaimeoirí a chumasú lena gcuid eolais, a gcuid tuisceana agus a gcuid scileanna a léiriú trí thaispeáint phraiticiúil agus/nó laistigh de chomhthéacs a bhaineann le hinfhostaitheacht

Le cuidiú le scoileanna a soláthar curaclaim a phleanáil, **rud a chaithfidh bheith bunaithe ar fhreastal ar riachtanais a gcuid daltaí ar bhonn leanúnach,** áireoidh láithreán iniúchta an Chreata Teidlíochta eolas faoin chuma a bheidh ar sholáthar gach scoile a luaithe agus a bheidh na sainmhínithe athbhreithnithe i bhfeidhm, nuair a bheidh an t-eolas don scoilbhliain 2011/12 ar fáil.

13. Tig le scoileanna rochtain a fháil ar liosta na gcúrsaí, rud a áiríonn a ainmniúchán chun críocha an Chreata Teidlíochta mar chúrsa ginearálta nó mar chúrsa feidhmeach, ach cuairt a thabhairt ar an láithreán Gréasáin seo a leanas: http://www.efaudit.org/site/. Beidh a fhios ag scoileanna go n-athraítear liosta na gcúrsaí chun dáta i gcónaí le cúrsaí úra nó cúrsaí atá imithe in éag a chur san áireamh, lena n-áirítear cóid ábhartha na gcúrsaí. Ba chóir a thabhairt faoi deara go mb'fhéidir go n-athrófaí ainmniúcháin i gcás go n-athrófaí socruithe measúnaithe. Leanfar ar aghaidh leis an Chreat Teidlíochta a athrú chun dáta agus, ó dheireadh Mhí na Nollag, beidh na sainmhínithe athbhreithnithe ar chúrsaí ginearálta agus ar chúrsaí feidhmeacha le sonrú ann.

14. Sainmhíníodh cúrsaí ar nós Eacnamaíocht Bhaile, Staidéar ar na Meáin, Damhsa, Dráma mar chúrsaí ginearálta roimhe seo ach, faoi na sainmhínithe athbhreithnithe, sainmhíneofar mar chúrsaí feidhmeacha iad. Tá sé sin amhlaidh mar go gcomhlíonann siad na critéir maidir le heilimint shuntasach phraiticiúil bheith i gceist ina measúnú agus/nó comhthéacs infhostaitheachta. Tá an téarma "infhostaíocht" mar pháirt de churaclam reachtúil na hiar-bhunscolaíochta cheana féin.

15. **Ba chóir do scoileanna a thabhairt dá n-aire go mbeidh maoiniú don scoilbhliain 2011/12 bunaithe ar na sainmhínithe reatha. Sa dóigh sin, ní rachaidh aon athrú ar ainmniúchán cúrsaí i bhfeidhm ar an airgead a chuirtear ar fáil sa scoilbhliain sin.**

Dorina Edgar
Ceannaire Fhoireann Teidlíochta Churaclam 14-19

AGUISÍN

Na forálacha atá istigh in Airteagail 18-22

Cuireann Airteagal 18 ceanglas ar scoileanna rochtain a thairiscint do dhaltaí in Eochairchéim 4 ar an íosmhéid cúrsaí atá sainithe ag an Rialtas. Ba chóir go mbeadh aon trian díobh ginearálta agus aon trian feidhmeach. Níl líon na gcúrsaí leagtha amach sa reachtaíocht ach saineofar iad i scríbhinn trí orduithe.

Éilíonn an reachtaíocht seo gur chóir d'aon chúrsa amháin ar a laghad titim laistigh de gach réimse foghlama d'Eochairchéim 4 agus ní mór teanga Eorpach a bheith san áireamh, seachas Béarla, agus Gaeilge i scoileanna lán-Ghaeilge.

Ligeann an t-airteagal seo do rochtain ar chúrsa bheith curtha ar fáil ag an scoil nó trí shocruithe comhoibríocha ar aon dul le hAirteagal 21.

Cuireann Airteagal 19 ceanglas ar scoileanna rochtain a thairiscint do dhaltaí sa séú bliain ar an íosmhéid cúrsaí atá sainithe ag an Rialtas. Ba chóir go mbeadh aon trian díobh ginearálta agus aon trian feidhmeach.

Ligeann an t-airteagal seo do rochtain ar chúrsa bheith curtha ar fáil ag an scoil nó trí shocruithe comhoibríocha ar aon dul le hAirteagal 21.

Ligeann Airteagal 20 don Roinn liosta de na cúrsaí a shainítear mar ghinearálta nó mar fheidhmeach a eisiúint agus a choinneáil faoi athbhreithniú.

Ligeann Airteagal 21 do chúrsaí bheith curtha ar fáil ag an scoil í féin nó trí shocruithe le scoileanna eile, aon institiúid breisoideachais, nó soláthróirí eile atá cáilithe go cuí. Tá tús curtha leis an airteagal seo cheana féin.

Ligeann Airteagal 22 don Roinn réiteach i gcomhair eisceachtaí ar fhorálacha atá déanta faoi airteagail 18 agus 19. Trí sin a dhéanamh, ní mór don Roinn dul i dteagmháil leis an Bhord chuí agus, i gcás scoileanna Caitliceacha faoi chothabháil, leis an CCMS. Faoin airteagal seo, tig leis an Roinn ceanglas a chur ar an Bhord Gobharnóirí i scoil, nó ar an Bhord chuí, tuairisc a thabhairt ar chúrsaí áirithe ag amanna áirithe.